Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**8263/25**

**SOC 233**
**EMPL 148**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha**
**den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[1], agus go háirithe Airteagal 75 de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle,

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, bunaíodh an Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta ('an Coiste').

(2) Foráiltear le hAirteagal 75(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 go mbeidh ionadaí rialtais amháin, ionadaí amháin ó na ceardchumainn agus ionadaí amháin ó eagraíochtaí na bhfostóirí do gach Ballstát ar an gCoiste, agus go gceapfar comhalta malartach amháin do gach ceann de na catagóirí sin, do gach Ballstát.

(3) De bhun Airteagal 75(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, is í an Chomhairle a cheapfaidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste. Déanann an Chomhairle iad a cheapadh ar bhonn na liostaí a chuireann na Ballstáit faoina bráid.

(4) Ní dhéantar foráil i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le téarma oifige chomhaltaí ná chomhaltaí malartacha an Choiste. Dá bhrí sin, sa Chinneadh uaithi lena gceaptar na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha, ba cheart don Chomhairle a dtéarma oifige a chinneadh. I ngeall, i measc nithe eile, ar chúiseanna a bhaineann le leanúnachas agus éifeachtúlacht obair an Choiste, ar mhaithe le gontacht nós imeachta, agus toisc gur gnách leis na coistí comhairleacha sin gan teacht le chéile ach uair amháin nó faoi dhó sa bhliain, ba cheart fad an téarma oifige a bheith réasúnta fada agus ba cheart nuacheapacháin rómhinic ar chomhaltas an Choiste a sheachaint. Ina fhianaise sin, is iomchuí téarma oifige chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha an Choiste, a cheaptar leis an gCinneadh seo, a shocrú ag 5 bliana. Ba cheart do théarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha nár ainmníodh go fóill faoi dháta glactha an Chinnidh seo, agus a cheapfar ar dháta níos déanaí, dul in éag ar an lá céanna le téarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha a cheaptar leis an gCinneadh seo. Níor cheart comhalta ná comhalta malartach a cheapfar in ionad comhalta nó comhalta malartach a ceapadh roimhe sin a cheapadh ach amháin ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta nó an chomhalta mhalartaigh ar cuireadh an comhalta ionaid ina ionad nó ina hionad.

(5) Rachaidh téarma oifige chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha reatha uile an Choiste a ceapadh ó glacadh Cinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020[2] in éag an 19 Deireadh Fómhair 2025. Ba cheart, dá bhrí sin, gach comhalta nua agus gach comhalta malartach nua a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] Cinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta (IO C 315 I, 21.9.2020, lch. 1).

*Airteagal 1*

Ceaptar, leis seo, na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta ar feadh téarma oifige 5 bliana, dar tús an 20 Deireadh Fómhair 2025 agus dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2030:

I. NA hIONADAITHE RIALTAIS

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Bheilg | Marc MORSA | Clara SANDRU |
| An Bhulgáir | Gergana YANKOVA | Nikolay ALEKSIEV |
| An tSeicia | Tomáš TVAROŽEK | Ludmila HOLCOVÁ |
| An Danmhairg | Marie-Louise OUTZEN | Jan STRØBÆK |
| An Ghearmáin | Moira KETTNER | Birgit MIHM |
| An Eastóin | Leili EENLO | Kati KÜMNIK |
| Éire | Orlaith MANNION | Sarah JUDGE |
| An Ghréig | Theodora KARACHRISTOU | Filippos STAMATIADIS |
| An Chróit | Tihomil Jurica BADER | Marija MIKIĆ |
| An Spáinn | Ainhoa LÓPEZ DE GOICOECHEA URZAINQUI | Vega TRUFERO RODRÍGUEZ |
| An Fhrainc | Anne-Gaëlle CASANDJIAN | Emmanuelle ELDAR |
| An Iodáil | Caterina FRANCOMANO | Giorgia COSTABILE |
| An Chipir | Nicolas ARTEMIS | Sotiris STRATIS |
| An Laitvia | Daina FROMHOLDE | Marika PETROVIČA |
| An Liotuáin | Sandra KRASAUSKIENĖ | Lina NOREIKIENĖ |

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| Lucsamburg | Carine PIGEON | Sara CARDOSO BORGES |
| An Ungáir | Ildikó PÁKOZDI | András LOPUSSNY |
| Málta | Fiona CILIA PULIS | Michelle GALEA |
| An Ísiltír | Maaike VAN ETTEKOVEN | Liesbeth GERRETSEN |
| An Ostair | Jeanette ENTHOFER | Silvia HOLZMANN-WINDHOFER |
| An Pholainn | Anna Maria SIWIERSKA | Anna RUSIECKA |
| An Phortaingéil | Elisabete Maria SOUSA DA SILVEIRA | Maria da Conceição SOUSA |
| An Rómáin | Adriana- Karla STOINEA | Costin ILIUȚĂ |
| An tSlóivéin | Tilen ZUPAN | Metka LOGAR |
| An tSlóvaic | Martina JANOVČÍKOVÁ | Martina MLYNÁRIKOVÁ |
| An Fhionlainn | Sanna KUORIKOSKI | Silja DAHLGREN |
| An tSualainn | Ylva GRYNFARB | Agnes SÖRENSEN |

II. IONADAITHE CEARDCHUMANN

| Tír | Comhaltaí | Na comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Bheilg | Nathalie DIESBECQ | Niels MORSINK |
| An Bhulgáir | Asia GONEVA | Veselina STARCHEVA |
| An tSeicia | Jiří VAŇÁSEK | Hana POPELKOVÁ |
| An Danmhairg | Mette Laurberg JENSEN | Heidi RØNNE |
| An Ghearmáin | Robert NAZAREK | |
| An Eastóin | Kaja TOOMSALU | |
| Éire | | |
| An Ghréig | Trias STAMATI | Panagiotis SYRIOPOULOS |

| Tír | Comhaltaí | Na comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Chróit | Meri UVODIĆ | Sunčica BRNARDIĆ |
| An Spáinn | Cristina ESTÉVEZ NAVARRO | Carlos BRAVO FERNÁNDEZ |
| An Fhrainc | Romain LASSERRE | Virginie AUBIN |
| An Iodáil | Luca GEROMIN | Jorge TORRE |
| An Chipir | Panikos ARGYRIDES | Marina KOUKOU |
| An Laitvia | Linda ROMELE | Mārtiņš SVIRSKIS |
| An Liotuáin | Daiva KVEDARAITĖ | Jurga SUBAČIŪTĖ - ŽEMAITIENĖ |
| Lucsamburg | Christophe KNEBELER | Carlos PEREIRA |
| An Ungáir | Ágnes CSER | András PÁSZTÓY |
| Málta | Mario SACCO | Kevin CAMILLERI |
| An Ísiltír | Ellen HOEIJENBOS | Tessa KONING |
| An Ostair | Johanna RACHBAUER | Anja HAFENSCHER |
| An Pholainn | Jan POLACZEK | Michał POLAKOWSKI |
| An Phortaingéil | Catarina MORAIS | Tiago João KALIDÁS BARRETO RODRIGUES DOS SANTOS |
| An Rómáin | Dumitru FORNEA | Radmilo FELIX |
| An tSlóivéin | Aljoša ČEČ | Irena ILEŠIČ ČUJOVIČ |
| An tSlóvaic | Jana BERINCOVÁ | Miroslav HAJNOŠ |
| An Fhionlainn | Tuuli GLANTZ | Samppa KOSKELA |
| An tSualainn | Isabella SELLING | Mikael DUBOIS |

III. IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ NA bhFOSTÓIRÍ

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Bheilg | Ineke DE BISSCHOP | Jan BRIFFAERTS |
| An Bhulgáir | Rumen RADEV | Rumiana GEORGIEVA |
| An tSeicia | Luděk MAZUCH | Marie ZVOLSKÁ |
| An Danmhairg | Helene Saibi TANDERUP | Trine Birgitte HOUGAARD |
| An Ghearmáin | Pia MONDORF | Melek GECICI |
| An Eastóin | Signe VAKS | |
| Éire | | |
| An Ghréig | | |
| An Chróit | Dario ĆORIĆ | Jakov JERMAN |
| An Spáinn | Olimpia DEL ÁGUILA CAZORLA | Miriam PINTO LOMEÑA |
| An Fhrainc | Antoine BRESSIERE | Christophe SOUPIZET |
| An Iodáil | Paola ASTORRI | Filippo PIGNATTI MORANO |
| An Chipir | Emilios MICHAEL | George HADJIKALLIS |
| An Laitvia | Rihards BLESE | Anete NEILANDE |
| An Liotuáin | Vilius MAČIULAITIS | Jūratė NEDZINSKIENĖ |
| Lucsamburg | Pauline COSSA | Fabienne LANG |
| An Ungáir | Julianna VARGA | Péter VIDA |
| Málta | Joseph FARRUGIA | Kevin BORG |
| An Ísiltír | Stefan VAN WOELDEREN | Ruud BLAAKMAN |
| An Ostair | Amra BILIC | Katharina FIGL |
| An Pholainn | Wojciech NAGEL | Tomasz LASOCKI |

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Phortaingéil | Cristina NAGY MORAIS | Nuno BERNARDO |
| An Rómáin | Ovidiu GHEORGHE | Adelina DABU |
| An tSlóivéin | Nataša CVETEK | Maja RIGAČ |
| An tSlóvaic | Martin HOŠTÁK | Andrej LASZ |
| An Fhionlainn | Mikko RÄSÄNEN | Vesa RANTAHALVARI |
| An tSualainn | Catharina BÄCK | Beatrice TOLLERUP |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí nár ainmníodh go fóill le haghaidh téarma oifige dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2030 ar dháta níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*